

DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2022-2028

CAIBIDIL 10

TURASÓIREACHT & FÓILLÍOCHT ALLAMUIGH





- 10.0 Turasóireacht & Fóillíocht Allamuigh**
- 10.1 Réamhrá**
 - 10.1.1 Turasóireacht Inmharthana agus Gníomhú Aeráide**
- 10.2 Comhthéacs Polasaí**
 - 10.2.1 Polasaí Náisiúnta**
 - 10.2.2 Polasaí Réigiúnach**
 - 10.2.3 Polasaí Áitiúil**
 - 10.2.3.1 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí 2016-2021**
 - 10.2.3.2 Straitéis agus Plean Gníomh Turasóireachta Chiarraí 2016-2022**
- 10.3 Turasóireacht i gContae Chiarraí**
 - 10.3.1 An tSlí Atlantaigh Fhiáin**
 - 10.3.2 Buanna Móra**
 - 10.3.3 Féilte agus Ócáidí**
 - 10.3.4 Bonneagar Turasóireachta**
 - 10.3.4.1 Turasóireacht Inrochtana**
 - 10.3.4.2 Comharthaíocht Turasóireachta & Eolas na Slí**
 - 10.3.4.3 Forbairtí agus Áiseanna Turasóireachta**
 - 10.3.5 Lóistín do Thurasóirí**
 - 10.3.5.1 Campáil/Glampáil/Veaineanna Campála agus Clóis Charbhán**
 - 10.3.5.2 Lóistín Tithe Feirme/Fanúint ar Fheirm**
 - 10.3.5.3 Ligean ar Cíos sa Ghearrthearma**
- 10.4 Catagóirí Turasóireachta agus Fóillíocht Allamuigh**
 - 10.4.1 Turasóireacht Eachtraíochta**
 - 10.4.1.1 Siúlóid & Rothaíocht**
 - 10.4.1.2 Slite Glas/Slite Gorm/Slite Móra**
 - 10.4.1.3 Turasóireacht Uisce**
 - 10.4.2 Turasóireacht Ealaíon, Ceardaíocht agus Bia**
 - 10.4.3 Turasóireacht Chultúrtha agus Oidhreachta**
 - 10.4.4 Turasóireacht faoin dTuath**
 - 10.4.4.1 Fóillíocht sa bhForaois**
 - 10.4.5 Turasóireacht Ghnó**
 - 10.4.6 Turasóireacht Nideog agus Nuála**



10.0 Turasóireacht & Fóillíocht Allamuigh

10.1 Réamhrá

Iarrann an Plean Forbartha Chontae, i dteannta Plean Chomhphobal Eacnamaíochta Chontae Chiarraí 2021, an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil agus an Straitéis Turasóireachta, ar Chontae Chiarraí mar phríomhláthair turasóireachta idirnáisiúnta a choimeád is a chur chun cinn, maraon le díriú ar thurasóireacht inmharthana glas. Tacaíonn na polasaithe sa Phlean Forbartha le fás tionscal na turasóireachta agus go mórmhór leis na príonsabail bhunúsacha don chosaint comhshaoil, cúram a dhéanamh de phobail óstach, poist a chruthú agus saothrú laistigh de thionscal a chuireann an geilleagar ciorclach agus gníomhú aeráide chun cinn.

Tá réimse leathan acmhainní eisceachtúla sa chontae idir nádúrtha, cultúrtha agus tógtha; anuas air sin cuireann an ghníomhaíocht earnáil turasóireachta go mór leis an ngeilleagar ar bhonn leanúnach. Cruthaítear mórán post san earnáil tábhachtach seo mar eitleoireacht, óstáin, B&B, tábhairní agus bialanna, féilte, spórt, taispeántais, eachtraíocht is gníomhaíochtaí allamuigh, siamsaíocht chultúrtha, láithreacha cuairteoirí agus comhdhálacha gnó. Tá cuid mhaith den radharcra is aitheanta sa tír anso i gCiarraí mar Locha Chill Airne, Na Cruacha Dubha, Leithinsí Daingean Uí Chúis agus Uíbh Ráthaigh, Oileán Dairbhre, Sceilg Mhichíl, Turas Cheann Sléibhe, trána geala Chiarraí Thuaidh agus an stráice is faide ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Tá sé mar aidhm sa phlean seo comhshaoil nádúrtha Chiarraí a chosaint is a mhaisiú idir oidhreacht thógtha, chultúrtha agus teanga, áiseanna atá againn a uasghrádú agus taithí ar chaighdeán domhanda a sholáthar do thurasóirí chun cur le rath agus séan ar an Earnáil Turasóireachta sa Chontae.

10.1.1 Turasóireacht Inmharthana agus Gníomhú Aeráide

Mínítear turasóireacht inmharthana mar ‘turasóireacht a thógann ceann iomlán den tionchar reatha agus sa todhchaí idir eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil, a bhíonn ag plé le riachtanais cuairteoirí, tionsclaíocht, an comhshaoil agus pobail na fáilte’¹. Ciallaíonn a leithéid d’fhorbairt turasóireachta go ndéantar cúram de thionchar an tionscail ag pobal na fáilte, athrú aeráide agus an comhshaoil fisiciúil. Dá réir sin is cúis imní í creimeadh is damáiste ar chosáin agus fásra go háirithe ar na sléibhte agus b’fhéidir nár mhór a leithéid d’úsáid a bhainistiú chun na limistéir úd a chosaint do na glúnta atá le teacht.

Sa Phlean seo tá creat polasaí agus cuspóirí chun earnáil turasóireachta éagsúil agus inmharthana a fhorbairt. Agus an Plean seo á fheidhmiú, áfach, aithnítear go gcaithfear polasaí turasóireachta agus oidhreachta a bhreith isteach leis na polasaithe gaolmhara – mar cheangailteacht, comhshaoil, forbairt eacnamaíoch agus lonnaíochtaí.

Aithnítear freisin nár mhór tionscal turasóireachta éagsúil inmharthana a bheith faoi réir cur chuige comhordaithe sa phobail, mar chomhlachtaí idir phoiblí agus príobháideach i gCiarraí. Tá sé mar pholasaí ag CCC saothrú le Fáilte *Ireland* – Réigiún an Iarthair maidir le straitéis do thionscal inmharthana turasóireachta a laghdóidh aon tionchar diúltach ar phobail áitiúla, oidhreacht thógtha, tírdhreach, gnáthóga agus gnéithe. Ar an gcuma san beidh siad siúd mar acmhainn don todhchaí agus beifear ag súil go dtacófar le rath idir shóisialta agus flúirse.

Turasóireacht agus Gníomhú Aeráide

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 10-1 Cloí le príonsabail um thurasóireacht inmharthana agus ceann a thógaint den tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ar an mbonneagar áitiúil, ceantair agus suímh leochaileacha, cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, ithir, eiceachórais, gnáthóga, gnéithe agus athrú aeráide.

¹ *United Nations World Tourism Organisation*



- KCDP 10-2** Forbairt inmharthana turasóireachta a éascú ar fud an chontae agus go háirithe i gceantair mar a bhfuil forbairt mhaith ar an dturasóireacht agus mar a mbíonn gá le turasóireacht áitiúil, san áireamh bheadh tionscadail áitiúla mar Shlite Glasa, Slite Gorma, Slite Móna, Raonta Rothaíochta, Siúlóidí agus Fóillíocht Mhuirí.
- KCDP 10-3** Caidreamh le páirtithe straitéiseacha mar Fáilte *Ireland* (Réigiún Thiar Theas), An Seirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, Iascaigh Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Coillte, comhlachtaí eile náisiúnta agus an earnáil áitiúil turasóireachta chun talamh a úsáid go straitéiseach ag díriú ar luach turasóireachta, comhshaoil agus oidhreachta.
- KCDP 10-4** Forbairt na turasóireachta a éascú agus tacú léi ar feadh nó an-ghar do shlite iompair phoiblí.

10.2 Comhthéacs Polasaí

Ar na dúshláin a bhí leis an gcaibidil seo a ullmhú bhí an scéal casta a bhain le gnóthaí turasóireachta a athoscailt de dheasca paindéim COVID-19 agus comhairle sláinte náisiúnta. Agus an caibidil seo á ullmhú don Dréachtphlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028, bhí áit ag doiciméid lárnacha polasaí agus tionscadail agus san áireamh bhí:

- An Creat Náisiúnta Pleanála – Tionscnamh Éireann 2040
- An Plean Náisiúnta Athrú Aeráide 2019
- An Plean Náisiúnta Téarnamh Eacnamaíoch 2021
- Ár dTodhchaí Tuaithe – Polasaí Forbartha Tuaithe (2021-2025)
- Plean Téarnamh Turasóireachta 2020-2023
- Daoine, Áit agus Beartas – Fás Turasóireachta go dtí 2025 (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 2019)
- Forbairt Turasóireachta agus Nuála – Straitéis don Infheistíocht 2016 – 2022 (Fáilte *Ireland*, 2016)
- Straitéis Réigiúnda Spásúil agus Eacnamaíoch (2020)
- Straitéis agus Plean Gníomh Turasóireachta Chiarraí 2016-2022
- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chiarraí (2016-2021)
- Tionchar Eacnamaíoch COVID-19 ar gheilleagar Chontae Chiarraí
- Plean Téarnamh Eacnamaíoch COVID-19 i gCiarraí (2021)

10.2.1 Polasaí Náisiúnta

An Creat Náisiúnta Pleanála

Leagann An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) béim ar thábhacht na turasóireachta. Mínítear an tábhacht a bhíonn le forbairt turasóireachta a éascú ag díriú ar Shlite Glasa, Slite Gorma agus Slite Móna. Leagadh béim freisin laistigh de NPO 23 ar chosaint ár dtírdhreach nádúrtha ó thaobh turasóireacht na tuaithe de. Luaigh an NPF freisin an tábhacht a bhaineann le comhordú agus cur chun cinn tionscadail turasóireachta ar bhonn uile-oileáin trí chomhordú leanúnach idir na háisíntheachtaí cuí agus *Tourism Ireland* laistigh de NPO 49.

10.2.2 Polasaí Réigiúnach

Straitéis Réigiúnach Spásúil & Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt (2020)

Aithníonn RSES tábhacht na turasóireachta mar ghníomhaíocht eacnamaíoch suntasach agus ba mhaith an rud é líon na dturasóirí a mhéadú trí thacú le poist inmharthana agus plé le sócmhainní oidhrecht ailtireachta agus nádúrtha a fhorbairt. Maidir le buanna turasóireachta luann RSES go bhfuil sé mar chuspóir tacú leis na buanna turasóireachta atá anois ag teacht chun cinn de réir RPO 53.



10.2.3 Polasaí Áitiúil

10.2.3.1 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí 2016-2021

Déanfar athbhreithniú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí 2016-2021 (LECP) i dteannta an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí. Leanann an Dréachtphlean den tacaíocht do na Spriocanna um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Cruthú Ardleibhéal Post atá in LECP 2021.

10.2.3.2 Straitéis agus Plean Gníomh Turasóireachta Chiarraí 2016-2022 (KCC, 2016)

D'ullmhaigh an tAonad Turasóireachta Chomhairle Contae Chiarraí i dteannta Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomh Chontae Chiarraí, Ceann Scríbe Chiarraí agus an Plean Gníomh Straitéis Turasóireachta Chiarraí 2016-2022 le páirtithe leasmhara eile. Leagann Straitéis Turasóireachta Chiarraí sonraí an tábhacht a bhaineann leis an dtionscadal seo idir eacnamaíoch agus sóisialta.

Oibríonn an Straitéis Turasóireachta ar na prionsabail 'Daoine, Láthair & Polasaí' – Fás na Turasóireachta go 2025' agus is cuid lárnach é sin den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chontae Chiarraí 2016-2022.

Tá sé mar fhís ag Turasóireacht Chiarraí 'an méid a chuireann an turasóireacht, ar bhonn inmarthana, le cur le cáilíocht beatha, eacnamaíocht, fostaíocht agus forbairt pobail áitiúil, ach aird ar leith a thabhairt ar oidhreacht an chontae idir nádúrtha, tógtha, cultúrtha agus teangeolaíoch an chontae'²

Ar na Polasaithe Straitéiseacha tá:

- Comhshaol nádúrtha Chiarraí a chosaint is a fheabhsú idir oidhreacht chomhshaol, tógtha, cultúrtha agus teangeolaíoch
- Rath leanúnach a chinntiú d'Earnáil na Turasóireachta sa Chontae
- Taighde ábhartha leanúnach a stiúradh chun tionscnaimh nua inmarthana turasóireachta a éascú ar fud an chontae
- Taithí ar cháilíocht domhanda a sholáthar don chuairoteoir
- Dul i dtreo comhoibriú breise idir áisínreachtaí stáit, soláthróirí táirgí agus pobail áitiúla
- Glacadh le teicneolaíochtaí nua-aimseartha ar son cúiseanna cuairteoirí agus taighde

Forbraíodh an straitéis nuair a bhí dóchas agus fás suntasach eacnamaíoch ar siúl i gCiarraí. Is fíor, áfach, gur chuir an paindéim COVID -19 isteach go mór ar chúrsaí. Mar fhreagra ar an dtionchar úd sheol Comhairle Contae Chiarraí an Clár ildánach Ceann Scríbe Chiarraí i 2020 le tacaíocht ó Fhailte *Ireland*, An Cónascadh Óstán na hÉireann agus An Cónascadh Tionscal Turasóireachta Chiarraí. Cinntíodh go bhféadfadh turasóirí a tháinig go Chiarraí a bheith slán sábháilte sa Chontae agus chuir sé sin go mór le Chiarraí mar an ceann scríbe is fearr le daoine chun dul ar saoire i 2020 agus 2021.

Agus aitheantas á thabhairt go bhfuil baint riachtanach ag an dturasóireacht leis an dtéarnamh eacnamaíoch is í ag cur go mór le poist a chruthú i measc an phobail, bhunaigh Comhairle Contae Chiarraí Meitheal Turasóireacha i 2020. Tá sé mar aidhm go príomha ag an meitheal scrúdú a dhéanamh ar an earnáil turasóireachta á chur in oiriúint agus í ag teacht chuici féin chun teacht as an bpaindéim. I dtús báire tá athbhreithniú le déanamh ar an Straitéis reatha Turasóireachta do Chiarraí (2016-2022) agus plean nua le cruthú don athslánú Turasóireachta. Seolfar an plean úd i 2021 agus aithneofar gníomh don aisghabháil idir gearr, meánach agus fadtéarmach.

10.3 Turasóireacht i gContae Chiarraí

² Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomh Chontae Chiarraí 2016-2022



Tá mórán le hofráil ag Chiarraí agus raidhse deiseanna chun cur le taithí an chuariteora. Éascóidh an plean seo forbairt bhreise an earnáil turasóireachta chun an geilleagar a fheabhsú ar bhonn sóisialta agus comhshaoil. Níor mhór forbairtí turasóireachta a thógaint ar láithreacha cuí agus ag luas is scála a chinnteoidh cosaint fadtéarmach dár mbuanna idir nádúrtha is cultúrtha.

Bhí ag éirí go maith leis an earnáil turasóireachta anso i gCiarraí i 2019 agus an luach iomlán mar thart ar €550 milliún. Léiríonn na staitisticí go raibh 18% dár n-oibrithe ag obair sa turasóireacht nó sna hearnála gaolmhara. Chuir COVID-19 isteach go mór ar earnáil turasóireachta Chiarraí. Níor mhór don chontae athoscailt go sábháilte agus na buanna nádúrtha is cultúrtha a tharraing cuairteoirí go Chiarraí leis na glúinte a chosaint is a chaomhnú.³ Caithfear pleanáil a dhéanamh chun an margadh baile a aisghabháil agus a fhás maraon leis na margaí idirnáisiúnta in am tráth nuair a fhilleann siad. Níor mhór cuairteoirí a tharraingt chugainn ar feadh na bliana agus iad a scaipeadh de réir ceantair ar fud an chontae.

I rith na tréimhse 10-mbliana go 2019 tháinig méadú 56% ar líon na dturasóirí in Éirinn. Is fíor, áfach, gur iompaigh sé sin bun os cionn de dheasca Covid-19. Sa Tuairisc *Ernst & Young ar Thionchar Folaigh Covid-19 ar Thurasóireacht na hÉireann in Aibreán 2020*, tugtar aird ar an bhfíric gurbh í an earnáil turasóireachta ba thúisce a bhraith an tionchar agus gur dhóichí gurbh í ba mhoille a thiocfadh as an ngéarchéim.

Is fíor gan dabht go mbeidh tionchar fadtéarmach ag an bpaindéim seo idir geopholaitiúil, eacnamaíoch agus siceolaíoch. Ó tharla COVID-19 táthar ag imeacht de réir a chéile ó laethanta saoire eagraithe mar thuras go dtí turasóirí neamhspleácha ag lorg bonneagar a ligfidh dóibh imeacht de réir a dtola ar fud an Chontae. Téann sé sin i bhfeidhm ar thurasóireacht, úsáid na talún agus polasaí iompair. Feabhsófar an táirge agus taithí turasóireachta agus fanfaidh cuairteoirí go ceann tréimhse níos faide. Beidh gá le bonneagar iompair chun naisc láidre a chothú leis na háiseanna turasóireachta, tacú le háiseanna lódála *eVehicle*, teacht go héasca ar lóistín cuí agus tírdhreach mar a bhfuil fógraí agus míniú le feiscint go soiléir. Is é an gné is tábhachtaí maidir le fás na turasóireachta ná córas iompair éifeachtach agus rochtain éasca sa Chontae ar an iomlán.

10.3.1 An tSlí Atlantaigh Fhiáin (WAW)

Is í Slí an Atlantaigh Fhiáin an chéad turas fadtriallach in Éirinn do thurasóirí, síntear ó chósta an Atlantaigh i nDún na nGall go dtí Iarthar Chorcaí. Tá sé mar aidhm ag an dtionscnamh seo slí fhada turasóireachta a chruthú a léireoidh léargas maith ar chósta iarthar na hÉireann sna margaí iasachta turasóireachta.

Bhunaigh Fáilte *Ireland* Slí an Atlantaigh Fhiáin mar ‘thaithí’ agus ‘ceann scríbe’ nua chun Cósta Iarthar na hÉireann a chur i láthair mar tháirge riachtanach turasóireachta ar scála agus eisceachtúlacht as an ngnáth. Branda an-mhór anois is ea í do lucht gnó chun cur le chéile go soiléir maidir leis an dteachtairacht a scaipeadh ar mhargaí idirnáisiúnta.

Tá breis is 450km den slí 2,500km (20%) suite i gContae Chiarraí. Aithníodh roinnt Pointí Aimsithe ar an slí mar láithreacha radharcra agus leataoibh. De ghnáth bíonn na pointí úd suite i gceantair iargúlta ar an gcósta lasmuigh de na príomhbhailte agus sráidbhailte. Dá réir sin, tugtar deis iontach radharcra do chuariteoirí is iad ag dul feadh na slí, mealltar daoine go dtí na ceantair is iargúlta ar imeall an chósta agus cuirtear le fanúint thar oíche. Tá Comhairle Contae Chiarraí tiomanta i dteannta Fáilte *Ireland* don bhfeabhsúchán imharthana ar áiseanna go ceann slí an WAW faoi réir measúnú cuí comhshaoil.

Turasóireacht i gCiarraí

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 10-5 Plé agus comhoibriú le páirtithe straitéiseacha mar Fáilte *Ireland*, na Páirceanna Náisiúnta agus Seirbhísí Fiadhúlra, OPW, Iascaigh Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Údarás na Gaeltachta, Coillte agus comhlachtaí eile ábhartha chun an earnáil turasóireachta i gCiarraí a

³ Tionchar Eacnamaíoch COVID-19 ar Gheilleagar Chontae Chiarraí – Bealtaine 2020 (KCC)



spreagadh agus chun a chinntiú go ndaingnítear mianach eacnamaíoch na hearnála ar son leas an gheilleagair áitiúla.

- KCDP 10-6** Turasóireacht a chur chun cinn is a éascú mar cheann de na crainntacaí lárnacha eacnamaíoch i ngeilleagar an Chontae. Go mbeidh sí freisin mar fhostóir a éascóidh is a thacóidh le háiseanna mar óstáin, árasáin, brúnna do thurasóirí, caife, bialanna agus taitneamhacht eile do chuartheoirí.
- KCDP 10-7** Tacú le Straitéis Turasóireachta agus Plean Gnímh Chontae Chiarraí (2016-2022) agus san áireamh beidh uasghrádú agus bainistiú áiseanna atá cheana féin ann, tionscnaimh turasóireachta a fhorbairt maraon le straitéisí leanúnacha a ullmhú is glacadh leosan.
- KCDP 10-8** Pleananna Forbartha Fáilte *Ireland*/Taithí Saoire, Bailte Oidhreachta agus Láithreacha Saoire a leanúint agus cabhrú lena gcur i gcrích.
- KCDP 10-9** Brandáil ceann scríbe a bhunú mar uirlis um straitéis mhargaíochta chun deiseanna a chruthú sa mhargadh agus cuairteoirí nua a mhealladh.
- KCDP10-10** Forbairtí turasóireachta a spreagadh maraon le cóiríocht do chuartheoirí, ionaid mhíniúcháin agus áiseanna tráchtála/miondíola chun freastal ar an earnáil iomlán turasóireachta, lonnófaí iadsan laistigh de lonnaíochtaí seanbhunaithe chun naisc laidre a chothú le réimse mór earnála eile eacnamaíoch is tráchtála agus thacófaí leis na pobail ghlaclacha.
- KCDP10-11** Saothrú le Fáilte *Ireland*, ar son maisiú breise agus Slí turasóireachta an Atlantaigh Fhiáin a fheabhsú is a chur chun cinn.
- KCDP10-12** Forbairt inmharthana Slí an Atlantaigh Fhiáin a éascú trí:
- Forbairt inmharthana pointí radharcra agus áiseanna eile a éascú ar láithreacha cuí ar feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin,
 - Oibríochta bóthair a éascú, saothar feabhsaithe, spás um sholáthar leataobh/dul thart agus spás páirceála,
 - Díriú ar cheisteanna tráchta agus bainistiú cuairteoirí ach leochaileacht chomhshaoil agus ainmniúcháin sa cheantar a chur san áireamh.

10.3.2 Buanna móra

Spreagann áiseanna inmharthana turasóireachta, má lonnaítear is má bhainistítear iad mar is cóir agus go háirithe má bhíonn siad gar do réimse leathan cúrsaí iompair, saoire níos faide ag cuairteoirí. D'fhéadfaí séasúr na turasóireachta a bheith níos sia is é ag cur le beocht sna lonnaíochtaí i rith na bliana⁴

Chun cur le turasóirí agus caitheamh airgid sa Chontae níor mhór do Chiarraí uasghrádú a dhéanamh ar na háiseanna atá cheana féin ann agus cur le háiseanna nua suntasacha a raghadh i gcomórtas le láithreacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle tacú le buanna atá cheana féin ann agus le cinn nua a tharlaíonn i gContae Chiarraí.

Buanna Móra
Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

⁴ Fáilte *Ireland*-Treoir do Thurasóireacht Inmharthana (2016)



KCDP 10-13 Tacú le tionscadail idir-áisiúnta chun láithreacha turasóirí a bhunú thart ar shuímh idir láithreacha agus turasóireachta i gcomhar le húdaráis áitiúla in aice láimhe, Fáilte *Ireland*, *Tourism Ireland* agus páirtithe leasmhara eile ar láithreacha cuí agus faoi réir phrionsabail forbartha inmharthana.

10.3.3 Féilte agus Ócáidí

Bíonn Chiarraí ag ceiliúradh go minic idir fhéilte agus ócáidí, san áireamh bíonn teacht le chéile idirnáisiúnta, aonaigh bhia, ócáidí litríochta is ceoil a sholáthraíonn deis d'ealaíontóirí, ceoltóirí agus soláthróirí bia a gcuid tallann agus táirgí a chur os comhair an phobail. Ar an líon féilte a bhíonn i gCiarraí tá Féile Rós Trá Lí, Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail agus Aonach an Phoic i gCill Orglan. Tagann sluaite dár muintir féin ach tagann an-chuid acu freisin ó thíortha thar lear, rud a chuireann go mór leis an ngeilleagar áitiúil.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle tacú le féilte agus ócáidí cultúrtha atá cheana féin ann maraon le cur le féiltí is ócáidí nua, go háirithe lasmuigh de shaoire an tsamhraidh féadfar taitneamh a thabhairt do réimse leathan cuairteoirí agus cur le próifíl an chontae mar phríomhláthair turasóireachta.

Féilte agus Ócáidí

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 10-14** Tacú le féilte agus ócáidí cultúrtha ar láithreacha oiriúnacha laistigh de Chiarraí faoi réir na gnáth critéir chuí ceadúnaithe, i gcomhar le páirtithe leasmhara mar ghrúpaí pobail, gnóthaí áitiúla agus áitritheoirí nuair is féidir go praiticiúil, maraon le conláistí agus an oidhreacht idir nádúrtha agus tógtha an cheantair a léiriú.
- KCDP 10-15** Úsáid agus tacú le spásanna oscailte poiblí a bheadh oiriúnach i mbailte agus sráidbhailte d'ócáidí lasmuigh a gcuirfeadh muintir na háite agus cuairteoirí araon suim iontu.
- KCDP 10-16** Éascú agus tacú le caighdeán glas don bhfeidhmiú inmharthana comhshaoil do na féilte móra ar fad a tharlaíonn i gContae Chiarraí.

10.3.4 Bonneagar Turasóireachta

Bonneagar Turasóireachta

Tá tábhacht ag baint le bonneagar tarraingteach turasóireachta maidir le cáilíocht iomlán turasóireacht an chontae agus taithí fóna dearfach a chruthú do chuairoteoirí. Cé go bhfuil cuid de na háiteanna agus taithí deise sa tír againn níor mhór seirbhísí tacaíochta agus bonneagar ardchaighdeán a bheith againn chun freagairt do riachtanais na gcuairoteoirí a thagann chugainn. Caithfidh moltaí forbartha ardchaighdeán dearadh a léiriú, chomh maith le mianach suntasach maidir le scála, tionchar ó thaobh déine de agus an mianach a bheith sa mholadh chun cur go mór le cáilíocht an taithí cuairteora.

Chun cur leis an earnáil turasóireachta i gCiarraí aithnítear go bhfuil réimse buanna, áiseanna agus seirbhísí mar cheann scribe a mheallann turasóirí isteach i mbailte agus sráidbhailte. Caithfidh na láithreacha turasóireachta a bheith inrochtana, tarraingteach agus beomhar don chuairteoir. Cé go bhfuil mianach suntasach ann don chontae, beidh orainn iadsan a bhainistiú go cúramach mar is táirgí turasóireachta iad. Dá réir sin, pléifear forbairt turasóireachta i gceantair thuithe de réir na gculpóirí agus eisceachtaí a leagtar amach sa chaibidil seo.



Smaoineoidh an Chomhairle ar mholtaí do bhonneagar turasóireachta ar bhonn aon chás amháin sa turas, cuirfear san áireamh cineál an bhua, an láthair, carachtar agus an deis a bheadh ann an moladh a bhreith isteach ar an suíomh nó in aice leis.

Leanfaidh Comhairle Contae Chiarraí de phlé le comhlachtaí mar Fáilte *Ireland* agus páirtithe leasmhara eile chun seirbhísí cuairteora a aithint in áit mar a mbeadh gá leo. Tacóidh an chomhairle le comhlachtaí turasóireachta agus grúpaí áitiúla pobail chun dóthain bonneagar fóillíochta agus turasóireachta a sholáthar.

Bonneagar Turasóirí

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 10-17	Imeascadh inmharthana a chur chun cinn maidir le húsáid na talún agus polasaí iompair chun díriú ar riachtanais uathúla eanáil na turasóireachta, san áireamh beidh seirbhísí bus poiblí/naisc iompair do láithreacha cuairteoirí.
KCDP 10-18	Tacú le háiseanna turasóireachta mar oifigí eolais agus ionaid chultúrtha i mbailte agus sráidbhailte chun bonneagar atá cheana féin ann a neartú agus tacú leis an mbonneagar eacnamaíoch ina leithéid de láthair agus é sin a neartú.
KCDP 10-19	Forbairt inmharthana buanna agus concláistí do gach sórt aimsire a chur chun cinn agus tacú leo, leas a bhaint as siamsaíocht a bheadh oiriúnach dóibh siúd a mbíonn clann acu ar láithreacha cuí a chuirfidh le buanna agus concláistí chun an turasóireacht a scaipeadh ar fud an chontae.
KCDP 10-20	Forbairt ar an mbonneagar riachtanach turasóireachta, buanna do chuairoteoirí agus áiseanna tacaíochta ar láithreacha cuí sa Chontae ar bhonn nach gcruthaíonn tionchar diúltach ar an gceantar ná an comhshaol.
KCDP 10-21	Soláthar inmharthana spás páirceála agus san áireamh beidh áiseanna do chóistí ar imeall bailte is sráidbhailte agus ar láithreacha radharcra agus áiseanna turasóireachta.

10.3.4.1 Turasóireacht Inrochtana

Cinntefar go mbeidh teacht níos éasca acu siúd ag a mbíonn deacrachtaí gluaiseachta, míchumas foghlama, bac radhairc nó éisteachta, leanaí óga agus daoine críonna ar na seirbhísí ar fad a bhíonn ar fáil. Chun a leithéid a bhaint amach ní mór bonneagar cuí mar rampaí, droichid choise, ardaitheoirí agus áiseanna oiriúnacha leithris a ligfidh do theacht ar an dtuath is ar an gcósta ar láithreacha cuí. Níor mhór freisin eolas a scaipeadh ar ghníomhaíochtaí agus láithreacha turasóireachta ionas go bhféadfar pleanáil do thuras a dhéanamh roimh ré. Ba chóir leas a bhaint as gach aon fhoinsé agus réimse crutha eolais ar shaoire a bheadh ag teastáil ó ghrúpaí ina mbeadh saghsanna difriúla míchumais.

Trína ról mar údarás pleanála agus rialú foirgníochta caithfidh an Chomhairle a chinntiú go mbíonn réimse leathan taithí inrochtana ann do thurasóirí ar fud an Chontae. Cé go dtuigeann an Chomhairle go mbeadh bac éigin ar shuímh nó láithreacha áirithe maidir lena ndearadh leochaileacht chomhshaoil stairiúil déanfar gach iarracht ar a chinntiú go mbíonn forbairtí turasóireachta agus gaolmhara ar fáil do chách.

Turasóireacht Inrochtana

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 10-22	Tábhacht inrochtana do chách a aithint maidir le teacht ar sheirbhísí, áiseanna agus suímh thurasóireachta maraon le hinrochtaineacht ar an iomlán a chruthú nuair is cuí i gcomhar
-------------------	---



le páirtithe tábhachtacha leasmhara eile.

10.3.4.2 Comharthaíocht Turasóireachta agus Eolas na Slí

Tá soláthar comharthaíocht ríthábhachtach mar ligtear do chuariteoirí gluaiseacht gan stró idir cinn scríbe agus pointí suimiúla ar feadh na slí. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil comharthaíocht riachtanach do ghnóthaí áitiúla, ní féidir dul thar fóir ar chúiseanna mar shábháilteacht tráchta agus conláistí radharcra. Caithfear an iomarca comharthaíocht a sheachaint amuigh faoin dtuath.

Ag éirí as an méid sin, tá gá le cur chuge comhordaithe agus rialta maidir le comharthaíocht. Éascóidh an Chomhairle lucht gnó agus grúpaí pobail maidir le comharthaí turasóireachta agus láithreacha oiriúnacha taiscéalaíochta.

Comharthaí & Fógraí Taiscéalaíochta

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 10-23** Cabhrú le Fáilte *Ireland* maidir le comharthaíocht do raon turasóireachta Slí an Atlantaigh Fhiáin a chothabháil is a uasghrádú.
- KCDP 10-24** A éileamh go gcuirtear feabhas ar chomharthaíocht mholta agus taiscéalaíochta nuair is féidir faoi réir planáil normálta agus caighdeáin chomhshaoil gan bhaint de conláistí radharcra an áis seo turasóireachta.

10.3.4.3 Forbairtí agus Áiseanna Turasóireachta

Chun cur le tréimhsí níos faide á gcaitheamh ag cuairteoirí níor mhór an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na táirgí turasóireachta a thabhairt le chéile. B'fhearrde teacht go héasca a bheith ag na cuairteoirí ar sheirbhísí, buanna agus conláistí an Chontae ón áit mar a bhfuil siad ag fanúint. Bíonn gá freisin le gaol agus naisc a bheith idir gníomhaíochtaí turasóireachta agus lucht gnó in áiteanna difriúla sa Chontae chun go spreagfaí freastal ar réimse conláistí/gníomhaíochtaí ar fud an chontae.

Dá réir sin tá polasaí ag an gcomhairle tacú le heolas ardchaighdeáin a scaipeadh ar chuariteoirí, mar shampla trí oifigí áitiúla turasóireachta, suímh idirlín idir áitiúil is náisiúnta, soláthróirí lóistín agus ar ócáidí agus láithreacha oiriúnacha.

Forbairtí & Áiseanna Turasóireachta

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 10-25** Tacú le naisc idir gníomhaíochtaí turasóireachta is gnó maraon le saothrú leis na páirtithe cuí leasmhara chun táirge turasóireachta a bhaint amach trí theacht le chéile agus comhordú.

10.3.5 Lóistín do Thurasóirí

Tá an t-ádh linn i gCiarraí go bhfuil rogha maith lóistín ar fáil do chuariteoirí. I dTuairisc Cumas Lóistín Fáilte *Ireland* 2019 luaitear go bhfuil níos mó tithe ósta (27) i gCiarraí ná in aon chontae eile maraon leis an líon is mó seomraí óstáin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Sa chontae bhí ar an iomlán 23,878 leaba do thurasóirí i 2019⁵. Seo cóiríocht laistigh de 79 Óstán, 27 Tigh Aíochta, 155 Leaba & Bricfeast, 58 Aonad Féinchúram, 14

⁵ Summary of National Accommodation Capacity 2019 – Taighde Fáilte Ireland



Bhrú, 15 Pháirc Carbhán agus Campála agus 33 gnó a fuair creidiúnú le Caighdeán Fáilte Gaelach Fáilte Ireland.

Aithníonn an Chomhairle go mbíonn soláthar measctha cóiríochta mar riachtanas chun fás a spreagadh san earnáil turasóireachta. I gCiarraí tá na hostáin suite sna bailte Cill Airne, Trá Lí, Daingean Uí Chúis agus An Neidín. Tacaíonn an Chomhairle le turasóireacht ar fud an chontae trí réimse leathan soláthar lóistín idir óstáin, tithe lóistín, brúnna, B&B maraon le tithe saoire sna bailte is sráidbhailte. Ba chóir an soláthar ar fad ar aon láthair a bheith ar scála a ligeann do rath go ceann bliana gan cur isteach ar inmharthanacht eacnamaíoch ná sóisialta na lonnaíochta.

Ní mór do sholáthar áiseanana nua turasóireachta ómós a thabhairt do cháilíochtaí agus éagsúlacht oidhreacht thógtha Chiarraí agus é mar pholasaí ag an gcomhairle teorainn a chur le haon fhorbairt a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhonn diúltach ar thimpeallacht na háite.

10.3.5.1 Campáil/Glampáil, Veaineanna Campála agus Clóis Charbhán

Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí gur gné tábhachtach den réimse cóiríocht do thurasóirí is ea soláthar suíomh oiriúnacha do champáil/glampáil/veaineanna campála agus carbháin.

Léiríonn sonraí ón gComhad Náisiúnta Feithicil agus Tiománaí mar a bhfuil cuntas ar 2.5 milliún feithicil ar fud na tíre, gur ardaigh líon na bhfeithicilí campála sa tír ó 11,200 i 2018 go dtí beagnach 12,600 mí Aibreáin 2020 agus gur sroicheadh 13,700 faoi Dheireadh Fómhair na bliana céanna.

Cé go gceapann an Chomhairle go mba chóir suímh campála a lonnú ar shuímh atá zónáilte go cuí laistigh de thalamh zónáilte bunaithe/nó gar do lonnaíochtaí, d'fhéadfadh suímh campála ar scála beag a bheith oiriúnach chun cabhrú le buanna turasóireachta ar láithreacha tuaithe laistigh de nó gar do lonnaíochtaí atá cheana féin ann. D'fhéadfadh an t-údarás pleanála moltaí a éascú do shuímh champála a thacódh le tionscadail tuaithe faoi réir pleanáil chóir agus forbairt inmharthana.

Tá sé mar pholasaí ag an gcomhairle tacú le forbairtí a fhásann i lonnaíochtaí bunaithe má léirítear go mbíonn naisc shábháilte do choisithe go dtí an lonnaíocht nó ag ionaid seanbhunaithe a chuireann seirbhísí ar fáil do thurasóirí, faoi réir cumas an tsuímh agus an láthair a éascódh an moladh.

10.3.5.2 Lóistín Tithe Feirme/Fanúint ar Fheirm

Bíonn deiseanna ar fáil do ghníomhaíochtaí feirme agus gaolmhara ach san am gcéanna coimeádtar agus cosnaítear an tírdhreach nádúrtha agus oidhreacht thógtha atá ríthábhachtach maidir le turasóireacht.

Ní mór Cóiríocht Tigh Feirme / Fanúint ar Fheirm / forbairtí féinfhrestail a dhéanamh trí shíneadh le tigh feirme nó trí fhoirgnimh / struchtúir eile ar an ngabháltas. Má chruthaítear nach bhfuilid siúd indéanta mar rogha smaoineofar ar fhoirgneamh nua a thógaint. Beidh aon fhorbairt nuathógtha an-ghar don tigh feirme a bhí ar dtúis ann.

10.3.5.3 Ligean ar Cíos sa Ghearrthearma

Tháinig méadú suntasach ar ligean ar cíos sa ghearrthearma agus óstóireacht ar fud na hÉireann le blianta beaga anuas trí dheiseanna mar *Airbnb* agus bíonn éileamh ar a leithéid mar rogha tarraingteach sa ghearrthearma nach guireann isteach ar/nach faigheann réidh le háitribh ón mhargadh fadtéarmach ar cíos.

Tá sé mar pholasaí ag an gcomhairle ceantair seasta cónaithe agus nua-bhunaithe a choimeád mar áitribh bhuan chónaithe ag úinéirí/áitritheoirí agus/nó tionóntaithe fadtéarmacha.

Pléfidh an chomhairle a leithéid de chás mar chás aonair maidir le hathrú úsáide nó cuid d'fhoirgneamh a ligean ar cíos nuair nach mbeadh an struchtúr, de bharr láthair, crot agus/nó leagan amach, de ghnáth oiriúnach mar láthair bhuanchónaithe. Níor mhór a léiriú nach mbeadh tionchar diúltach ag a leithéid d'fhorbairt ar an margadh fadtéarmach cíosa nó ar chonláistí cónaithe na n-áitreabh atá thart timpeall uirthi.



Faoin Acht um Thionóntacht Chónaithe (Leasú) 2019 agus Rialacháin Uimh.2 an Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (Forbairt Díoluaine) rugadh isteach athruithe san earnáil ghearrthéarmach ar cíos. Dírítear dá réir sin ar phlé leis an margadh príobháideach cíosa trí thithe cónaithe a ligean don turasóireacht sa ghearrthéarma i gceantair mar a mbíonn éileamh ar a leithéid de chóiríocht. Ní bhaineann na forálacha úd ach le ceantair ar a dtugtar 'Zóin Chíosa faoi Bhrú' faoin Acht (Leasú) um Thionóntachtaí Cónaithe.

Cóiríocht do Chuartheoirí

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- | | |
|-------------------|--|
| KCDP 10-26 | Tacú leis an gcleachtas is fearr um bhainistíocht chomhshaoil agus san áireamh beidh éifeacht fuinnimh, e-lódáil, bainistiú dramhaíola agus athchúrsáil ag soláthróirí cóiríochta agus fiontair turasóireachta sa Chontae |
| KCDP 10-27 | Cuimsíonn forbairt dhíreach Óstáin, Tithe Aíochta agus B&B i mbailte agus sráidbhailte mar a bhfuil dóthain bonneagar chun seirbhísí a sholáthar don bhforbairt, ach amháin má bhaineann an moladh le hathúsáid nó athrú ar fhoirgneamh atá cheana féin ann, faoi réir na gnáthchritéir phleanála. |
| KCDP 10-28 | Athfhorbairt leochaileach a spreagadh agus / nó filladh ar úsáid oiriúnach foirgintí thréigthe, folamh nó iomarcach ar láithreacha cuí chun cóiríocht do chuartheoirí agus forbairt turasóireachta a sholáthar. |
| KCDP 10-29 | Tacú ar scála cuí le campáil/glampáil, veaineanna campála agus carbháin laistigh de/nó gar do lonnaíochtaí, buanna bunaithe turasóireachta nó gar do phríomhláthair fheirme ar shuímh oiriúnacha agus ar scála faoi réir ghnáthchoinníollacha phleanála. |
| KCDP 10-30 | A chinntiú as seo amach nach mbeidh áiseanna carbhán, campála ná páirceála ag cur isteach ar thimpeallachtaí leochaileacha cósta (m.sh, córais dumhchanna). |
| KCDP 10-31 | Cosc a chur ar athrú úsáide tithe cónaithe go dtí ligean ar cíos sa ghearrthéarma i gceantair sheanbhunaithe cónaithe agus forbairtí nua cónaithe. |
| KCDP 10-32 | Smaoineamh ar athrú úsáide foirgintí thréigthe/folmha go dtí ligean ar cíos sa ghearrthéarma nuair nach mbíonn na foirgintí úd oiriúnach don chónaí fadtéarmach agus nach mbíonn tionchar diúltach acu ar an margadh cíosa fadtéarmach ná conláistí cónaithe an cheantair. |

10.4 Catagóirí Turasóireachta agus Fóillíocht Allamuigh

10.4.1 Turasóireacht Eachtraíochta

I gContae Chiarraí tá buanna siamsaíochta allamuigh den scoth mar shléibhte, foraoisí, locha, aibhneacha agus trána a ligean do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta lasmuigh ó cheann ceann na bliana. Ar bhuntáistí eile tá cúrsaí gailf, ionaid eachtraíochta agus gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce muirí. Aithnítear go mbíonn a leithéid d'úsáid faoin dtuath saibhir maidir le hoidhreacht nádúrtha is cultúrtha atá le cosaint.

10.4.1.1 Siúlóid agus Rothaíocht



Is í an tsiúlóid an caitheamh aimsire lasmuigh is mó a chleachtar i gCiarraí agus tá cáil orainn don siúlóid agus rothaíocht. Ar ár bhforbairtí bonneagair tá áiseanna forbartha is maisiú ar thús siúlóide, rothaíocht agus uisce muirí. Éascóidh an Chomhairle infheistíocht leanúnach i raonta siúlóide a chothabháil ar an gcaighdeán is airde idirnáisiúnta, tús siúlóide san áireamh. Beidh áiseanna siamsaíochta is fóillíochta á soláthar ag tús siúlóidí, faoi réir measúnú comhshaoil. D'fhéadfaí smaoineamh freisin ar áiseanna is seirbhísí tráchtála teoranta ar feadh an turais mar shlí ghlas agus pléifear leis sin trí chásanna aonair.

Tá cáil ar Chiarraí sa tír seo agus i gcéin mar gheall ar shaoire siúlóide agus rothaíochta go mórmhór don saoire fada siúlóide mar shampla: Slí Béarra, Slí Chiarraí, Slí Daingean Uí Chúis, Cosán na Naomh, Slí Chiarraí Thuaidh agus Slí na Sionainne, ar an iomlán tá gréasan os cionn 500Cm i gceist ansiúd. Leanfaidh Comhairle Contae Chiarraí den bhforbairt inmharthana ar bhreis siúlóidí laistigh den Chontae agus éascófar gníomhaíochtaí fóillíochta nuair is cú chun cur leis an dtaithí allamuigh turasóireachta.

Anuas air sin go léir tá Na Cruacha Dubha, Cnoc Bhréanainn, An Cheacha agus Sliabh Mis mar chúla iontach ag an-chuid bailte agus sráidbhailte. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le slite siúlóide do gheilleagar na háite agus ról an-mhór acu idir oideachas, caitheamh aimsire, agus caomhnú. Tuigeann an Chomhairle chomh maith go bhfuil comhoibriú iomlán acu ó úinéirí na ngabháltas ar fad atá ar na slite siúlóide.

Tá fás mór anois ar an éileamh a bhíonn ar rothaíocht agus taisteal agus slite sábháilte á bhforbairt ar fud an chontae. Tá tionscadail nua ann idir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuireann an rothaíocht chun cinn, mar shampla, téann an Chuaird Vélo Bealach 1 trí Mhainistir na Féile-Lios Tuathail-Trá Lí-Daingean Uí Chúis (Ceann Sléibhe) ar feadh an Mhór Chuaird go Béarra. Tá réimse leathan deiseanna ar fud an Chontae chun an gréasán raonta a leathnú idir shiúlóid agus rothaíocht. Tá athbhreithniú ar bun faoi láthair ar An gCreat Polasaí Náisiúnta 2009-2020.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle forbairt gréasán iomlán a éascú idir shlite siúlóide agus raonta rothaíochta ar feadh dorchaí oirúnacha a bheadh ceangailte le sráidbhailte is láithreacha turasóireachta ach a bheith cúramach faoi leochaileacht chomhshail sna dorchaí úd. (Féach freisin Caibidil 14 Ceangailteacht agus Imleabhar 4 a chuimsíonn Cearta Slí.

10.4.1.2 Slite Glas/Slite Gorm/Slite Móna

Anuas ar bhonneagar an Chontae idir shiúlóid agus rothaíocht, aithníonn an chomhairle an mianach atá i seanbhóthair iarainn Chiarraí, bruacha aibhneacha agus naisc eile chun gníomhú mar Shlite Glasa don thurasóireacht idir shiúlóid agus rothaíocht. Dá bhrí sin leanfaidh an Chomhairle dena leithéid d'ábhar slite glasa chosaint trí pholasaithe an phlean seo agus saothróidh le páirtithe leasmhara chun forbairt Slite Glasa a éascú maraon le slite siúlóide agus rothaíochta ar fud an chontae.

Tá géarghá fós le hatbheochan sa gheilleagar tuaithe an chontae. Agus na Slite Glas á oscailt tá deiseanna ann leas a dhéanamh do na pobail áitiúla ar feadh na slí. Beidh Comhairle Contae Chiarraí ag obair go dlúth le gnóthaí áitiúla, an pobal mór agus Fáilte *Ireland* chun na Slite Glas a chur chun cinn anso in Éirinn agus thar sáile. Tá breis eolais ar fáil i gcaibidil 11 faoi Thaisteal Gníomhach.

Rogha nua seachas na Slite Glas is ea na Slite Gorm bunaithe ar thurasóireacht agus fóillíocht allamuigh, tugtar seans do dhaoine sult a bhaint as bealaí uisce intíre, locha, aibhneacha agus ceantair chósta ar fud na tíre. Ní mór Slite Gorm agus an bonneagar a bhaineann leo a fhorbairt ar bhonn inmharthana agus ceann á thógaint go cúramach de ghnáthóga agus gnéithe leochaileacha.

Slite siúlóide is ea na Slite Móna a fhorbraítear trí thalamh portaigh agus is taithí uathúil é seo do mhuintir na háite agus turasóirí araon. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle an mianach turasóireachta atá sa scéim seo a chur chun cinn don bhfóillíocht agus cosaint comhshaoil.

Tacaíonn an Chomhairle ar bhonn gníomhach leis an mbonneagar slí glas, slí gorm agus slí móna sa chontae agus aithnítear an leas atá le baint as idir thurasóireacht agus taisteal gníomhach. I gCrann 3 den Chiste um



Athghiniúint don bhForbairt Tuaithe díritear ar ‘An Leas is fearr a bhaint as Turasóireacht Tuaithe agus Mianach Fóillíochta’, moladh na slite glas is gorm agus deiseanna eile fóillíochta a bhrú ar aghaidh chun tacú le fostaíocht inmharthana trí thionscnaimh fhostaíochta. Leanfaidh an Chomhairle den éascú agus tacú le slite glas/slite gorm/slite móna nuair is cuí sa chontae ach caithfear a chruthú nach mbeidh aon tionchar diúltach ag a leithéid d’fhorbairt ar an gcomhshaol agus iomláine na suíomh Natura 2000. Tá scrúdú breise ar na cúrsaí seo i gCaibidil 11 Comhshaol.

Eachtraíocht

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 10-33** Forbairt inmharthana gníomhaíochtaí allamuigh ar láithreacha oiriúnacha, mar shiúlóid, fánaíocht, rothaíocht, gníomhaíochtaí muirí is ar thalamh trí ionaid agus áiseanna i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Fáilte *Ireland*, An Oifig Raonta Náisiúnta, Seirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, Comhlachtaí Forbairt Áitúil, Bord Oideachais agus Oiliúint Chiarraí, ranna náisiúnta agus áisínteachtaí eile sa Chontae.
- KCDP10-34** Éascú agus tacaíocht do dheiseanna um ghréasán iomlán do choisithe agus rothaithe a chruthú, chun gach ceann scríbe tábhachtach sa Chontae a cheangal leis an ngréasán náisiúnta a chur chun cinn.
- KCDP 10-35** Éascú agus tacaíocht do ghrúpaí pobail maidir le forbairt, cothabháil agus feabhsú slite inmharthana siúlóide a chur chun cinn ar láithreacha cuí ar fud an chontae.
- KCDP 10-36** Éascú agus tacaíocht do nasc idir Slí Béarra, Slí Chiarraí, Slí Daingean Uí Chúis Cosán na Naomh, Slí Chiarraí Thuaidh agus Slí na Sionainne a chruthú faoi réir easpa éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol agus slánú an ghréasáin NATURA 2000.
- KCDP 10-37** Tacú le Fóram Rochtain Sléibhe Na Cruacha Dubha agus tionscadail a phléfidh le forbairt shóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch na gCruacha Dubha céanna, ach a chinntiú nach mbeidh aon tionchar ar an gcomhshaol ná ar shlánú an ghréasáin NATURA 2000.
- KCDP 10-38** Tacú le háiseanna inmharthana do rothair shléibhe ar láithreacha cuí faoi réir géilleadh do pholasaithe agus cuspóirí an Phlean seo go mórmhór mar a bhaineann leis an dtimpeallacht nádúrtha.
- KCDP 10-39** Tacú le forbairt inmharthana Gréasán Náisiúnta Rothaíochta agus an tionscnamh *EuroVélo*, go háirithe ar thuras Chósta an Atlantaigh mar a ngabhann sé tríd an Chontae.
- KCDP 10-40** Éascú agus tacú le Slite Glas nua, raonta rothaíochta agus a gcuid feidhmeanna a chosaint, is iad mar phríomhghnéithe den bhonneagar iomlán turasóireacht glas agus mar tháirgí aonair turasóireachta iontu féin.
- KCDP 10-41** Tacú le naisc agus síniú slite glas atá cheana féin ann, siúlóidí fada, slite gorm agus slite móna laistigh den chontae, agus iad a bhreith isteach le slite glas eile / molta, siúlóidí fada, slite gorm agus slite móna laistigh agus lasmuigh de Chontae Chiarraí.
- KCDP 10-42** Éascú agus tacú le forbairt inmharthana bonneagar turasóireachta agus fóillíochta ar



láithreacha cúí feadh na slite glas agus tús siúlóide faoi réir na gcoinníollacha normálta pleanála.

KCDP 10-43 Éascú agus tacú le páirtithe leasmhara, áisínreachtaí agus grúpaí pobail maidir le húsáid laghortaigh maraon le tacaíocht do shlite móna a fhorbairt ar láithreacha cúí.

10.4.1.3 Turasóireacht Uisce

Tá cósta mór fada breis is 1 000Km ag Contae Chiarraí agus is mór an buntáiste é sin idir thurasóireacht agus buanna. Tá 14 trá Brat Gorm againn agus an-éileamh orthu idir shurfáil, snámh, bord lapadála agus cadhcáil maraon le siúlóid ar son pléisiúir ar shuíomh cósta. Tá sé ríthábhachtach an cósta a chosaint mar áis mhór turasóireachta chun buntáistí fadtéarmacha a bhaint amach as gníomhaíochtaí turasóireachta.

Acmhainní saibhre gan dabht is ea bealaí uisce, aibhneacha agus locha Chontae Chiarraí a tharaingíonn mórán cuairteoirí in aghaidh na bliana. Anuas air sin tagann mórán daoine ar son iascach intíre, iascach farraige, seoltóireacht, éanbhreathnú agus bádóireacht. Ní mór rochtain a bheith ann do na locha agus bealaí uisce agus na gníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhonn inmharthana idir an fharraige, cois locha agus ar an zón bruachánach. Cinnteofar dá réir sin go mbeidh cothromú idir forbairt turasóireachta agus caomhnú oidhreacht nádúrtha na gceantar úd. Go háirithe aithnítear an tábhacht a bhaineann le slándáil bithéagsúlachta agus cosaint ár gcúrsaí uisce ar ghnéithe bradacha toisc an tionchar diúltach a d'fhéadfadh teacht ar iascach, cáilíocht uisce agus iascach / conláistí turasóireachta bunaithe ar uisce.

Toisc go bhfuil oidhreacht mhuirí an Chontae chomh mór leathan agus ardchumas i láidreachtaí dúchasacha an réigiúin tá sé mar aidhm ag an gComhairle forbairt inmharthana bealaí uisce, aibhneacha agus locha ar son úsáid turasóireacht mhuirí a fheidhmiú.

Turasóireacht Uisce

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 10-44** Úsáid leathan an chósta i dteannta na n-eagraíochtaí reachtúla agus eile cúí ar son turasóireachta, radharcra, siúlóid agus fálród ar chapailíní mar acmhainn inmharthana agus fóillíochta do mhuintir Chontae Chiarraí agus cuairteoirí eile ar láithreacha cúí.
- KCDP 10-45** Deiseanna fiontair agus fostaíochta i dturasóireacht mhuirí a chruthú nuair is féidir a léiriú nach gcuirfidh a leithéid isteach ar bhonn diúltach ar an gcomhshaoil muirí.
- KCDP 10-46** Éascú agus tacú le cothabháil, feabhsú agus cur chun cinn na dtránna Brat Gorm, láithreacha breise a lorg a chomhlíonfadh na critéir don stádas Brat Gorm.
- KCDP 10-47** Na scéimeanna Cósta Glas a chur chun cinn i gcomhar le An Taisce.
- KCDP 10-48** Tacú le leathnú inmharthana gníomhaíochtaí iascaigh neamhthráchtála i bpobail chósta agus forbairt a dhéanamh ar theacht i dtír agus áiseanna/seirbhísí aíochta.
- KCDP 10-49** Ag comhoibriú le húinéirí talún, rochtain fheabhsaithe cósta a bhunú nuair a bheadh sí sin inmharthana agus de réir cuspóirí an Phlean seo.
- KCDP 10-50** Forbairt inmharthana rochtain fheabhsaithe agus áiseanna gaolmhara a éascú do na slite



muirí agus oileáin i gCiarraí.

- KCDP 10-51** Saothrú i bpáirt le heagraíochtaí áitiúla pobail, clubanna iascaigh, lascaigh Intíre Éireann agus eagraíochtaí eile gaolmhara chun uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar iascaigh, san áireamh bheadh rochtain, seastáin agus comharthaíocht ar láithreacha cuí.
- KCDP 10-52** Tacú i gcomhar leis an Seirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra maraon le páirtithe cuí eile bainistíocht agus chun monatóireacht a dhéanamh ar árthaigh uisciúla nuair a bhaineann siad le gnéithe iasachta uisciúla ionracha a leathnú trí árthaigh scíthe.
- KCDP 10-53** Tacú le háiseanna deartha mar is cuí do chúrsaí leithris agus athrú éadaí ag na tránna brat gorm sa chontae is ar láithreacha eile faoi réir measúnú gá agus oiriúnacht comhshaoil.

10.4.2 Turasóireacht Ealaíon, Ceardaíocht agus Bia

Is i gCiarraí a fhaightear mórán táirgeoirí ceardaíochta bia, ealaíon agus ceardlanna, a lán acu ag maireachtaint is ag obair in áiteanna iargúlta agus tacaíocht acu ó na raonta Bunaidh Chiarraí agus Blas Chiarraí a thacaíonn leo is a chuireann na fiontair úd chun cinn.

Bíonn turasóireacht bia agus an earnáil *Agri-Food* ar ceann de na tionscail is tábhachtaí agus ról mór aici sa gheilleagar áitiúil. Go hidirnáisiúnta, meastar gníomhaíocht agus ócáidí a bhaineann le bia a bheith lánach maidir le sluaite cuairteoirí a bhreith isteach go ceantair éagsúla agus Chiarraí suite go maith is in ann leas a bhaint as mianach an mhargaidh úd.

I gCiarraí léiríonn Féile Bia Chorca Dhuibhne, (a eagraíonn na gradaim Blas na hÉireann), Aonach Bia Lios Tuathail, Féile Bia An Neidín, an ghluaiseacht *Grow Your Own* agus *Transition Town* Trá Lí ar fad go gcuirtear spéis mhór san bhia áitiúil. Toisc bialanna ardchaighdeáin a bheith ar fáil bíonn rogha maith ag na cuairteoirí a thagann. Caitear an t-airgead is mó ar bhia agus ar dheoch agus é sin níos mó ná an meán a chaitear ar lóistín.

Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí le moil a fhorbraíonn táirgí ceardaíochta bia agus forbairt inmharthana an earnáil turasóireachta bia, dá bhrí sin éascófar áisíntheachtaí cuí chun fás san earnáil úd a spreagadh.

Ealaíon, Ceardaíocht agus Bia

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- KCDP 10-54** Tacú le láithreacha léirithe na n-ealaíon trí spás poiblí lasmuigh a chur in oiriúint oiriúnach chomh maith le háitribh fholmha atá anois ann a úsáid do thionscnaimh ealaíon agus léirithe. An tionchar a tharlódh mar chur isteach agus bualadh ar an mbithéagsúlacht á gcur san áireamh
- KCDP 10-55** Tacú le forbairt inmharthana an earnáil ealaíon agus ceardaíochta maraon le teangabháil le háisíntheachtaí eile chun fás san earnáil úd a éascú.
- KCDP 10-56** Tacú le forbairt inmharthana earnáil bia agus deoch Chiarraí, go háirithe bia orgánach a fhaightear go háitiúil, plé le háisíntheachtaí eile cuí chun cur le fás san earnáil úd.
- KCDP 10-57** Tacú le agus cur chun cinn forbairt agus margaíocht bia agus ceardaíocht Chiarraí trí ghréasáin agus naisc trádála a fhorbairt le réigiúin náisiúnta is idirnáisiúnta.

10.4.3 Turasóireacht Chultúrtha agus Oidhreachta



Tá Chiarraí seanbhunaithe mar cheann scríbe idir chultúr agus oidhreacht trí fhorbairt chúí thógtha, cultúrtha agus nádúrtha. Cuireann oidhreacht uathúil ealaíon is cultúr go mór le tionscal na turasóireachta sa Chontae, tacaíonn le taithí eile saoire agus bíonn breis airgid á chaitheamh maraon le síneadh ama ag mórán cuairteoirí.

I gCiarraí tá flúirse suímh stairiúla, caisleáin, tithe is gairdíní go háirithe an suíomh oidhreacht idirnáisiúnta Sceilg Mhichíl a ainmníodh mar Shuíomh Oidhreacht Domhanda UNESCO sa bhliain 1996; is ansiúd a chuir an Bhraisle Tras-Atlantach Cábla Dairbhre tús leis an dturas i dtreo a bheith scríte ar an liosta Oidhreacht Domhanda. Ar fud an Chontae freisin tá fuílleach ionaid don chultúr agus ceol traidisiúnta.

Ó thaobh taithí saoire de, cuid tábhachtach de is ea músaeim agus áiseanna míniúcháin a chruthaíonn gné cultúrtha, stairiúil agus oideachais sa taithí turasóireachta. Ar fud an Chontae tá ionaid oidhreacht agus músaeim a léiríonn ábhair mar thírdhreach, séadchomharthaí, bailte is traidisiúin.

Laistigh de Chontae Chiarraí tá roinnt bailte tábhachtacha turasóireachta a mheallann daoine toisc an stair a bhaineann leo. Caithfear béim a leagan ar charachtar agus uathúileacht na mbailte úd chun Chiarraí a fhógairt trín bhanda turasóireachta mar *'Kerry – Your Natural Escape'*. Tá dhá Ghaeltacht i gCiarraí mar a bhfaightear réimse ábhar suimiúla, ealaíon, ceol traidisiúnta agus gníomhaíochtaí cultúrtha. Cuireann an oidhreacht uathúil teanga i gCiarraí go suntasach le gné tionscal na turasóireachta sa Chontae.

Cé go gcaithfear aitheantas a thabhairt don mhéid atá déanta go heacnamaíoch trí thurasóireacht oidhreacht, féadfar fós níos mó a dhéanamh chun turasóireacht oidhreacht a fhorbairt sa Chontae. Chuirfeadh cuimsiú gníomhaíochtaí, oidhreacht san áireamh, ár gcultúr uathúil teanga agus stair áitiúil go mór le suim a chur sa chontae. Tacóidh an Chomhairle le cosaint agus feabhsú ár suímh oidhreacht turasóireachta chun cur le maisiú na háite. Tacóidh an Chomhairle le cur chun cinn ár suímh oidhreacht turasóireachta ar son an earnáil turasóireachta a bhrú ar aghaidh.

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an saibhreas oidhreacht turasóireachta laistigh den chontae agus tacaíonn siad le páirtithe leasmhara is pobail áitiúla chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an mianach atá againn chun oidhreacht thógtha, nádúrtha agus cultúrtha a leathnú ar fud an Chontae.

Cultúr agus Oidhreacht

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 10-58	Buanna oidhreacht ailtireachta maraon le bailte agus sráidbhailte a bhíonn réidh don bhforbairt turasóireachta a chosaint is a chur chun cinn, ach san am gcéanna leis na cleachtais is fearr maidir le bainistíocht comhshaoil ar fhiontair turasóireachta.
KCDP 10-59	Rochtain phoiblí chun suímh oidhreacht agus gnéithe eile ar láithreacha cuí a chur chun cinn agus tacú leo ach comhoibriú a bheith ar fáil ó úinéirí talún.
KCDP 10-60	Forbairt inmharthana raonta ailtireachta agus oidhreacht ar láithreacha cuí a chur chun cinn agus tacú leo, ach a chinntiú nach mbeidh aon tionchar diúltach ar dhéantús ná suíomh buanna oidhreacht Chiarraí.
KCDP 10-61	Páirtithe leasmhara cuí, san áireamh beidh an OPW, An Chomhairle Oidhreacht, Fáilte Ireland, Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Uiscebhealaí Éireann, pobail agus gnóthaí áitiúla, a éascú agus tacú leo maidir le turasóireacht oidhreacht agus cultúrtha a fhorbairt i gCiarraí.
KCDP 10-62	Bearta a eascú agus tacú leo chun ainmniú a chur i gcrích mar a leanas – An Bhraisle Tras-Atlantach Cábla Dairbhre, Ardán Dairbhre, Struchtúr an tÁras “Céad Teachtareacht” sa Pháirc Teileagraf agus na suímh ghaolmhara atá ina dteannta siúd mar Shuíomh Oidhreacht



Domhanda UNESCO i dteannta a chomhpháirtí i *Hearts Content*, Talamh an Éisc, Ceanada.

10.4.4 Turasóireacht faoin dTuath

Bíonn tionchar mór ag gnó na turasóireachta ar inmharthanacht mórán gnóthaí áitiúla go háirithe i gceantair tuaithe; féadfar cabhrú go mór leis an bpobal, fostaíocht a chruthú agus leas fírinneach sóisialta a sholáthar don tuath i gCiarraí.

Tá tábhacht i ndáiríre leis an dturasóireacht sna geilleagair thuaithe agus in áiteanna b'fhéidir nach bhféadfaí maireachtaint gan é. Bíonn tacaíocht ar fáil ó phobail áitiúla, úinéirí talún, údarais áitiúla agus áisín-teachtaí eile Stáit chun tionscadail rathúil maidir le turasóireacht faoin dtuath a fheidhmiú. Iarrann an Plean seo táirge turasóireachta inmharthana ar ardchaighdeán a éascú agus a chur i gcrích ó cheann ceann na bliana.

Tá dhá Ghaeltacht oifigiúla sa chontae – Gaeltacht Chorca Dhuibhne ar Leithinis Daingean Uí Chúis agus Gaeltacht Uíbh Ráthaigh ar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Tá saibhreas sna ceantair Ghaeltachta seo idir theanga, litríocht, traidisiún, béaloideas, ceol, stair agus suímh seandálaíochta. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle tacú le tionscadail tursóireachta sna ceantair úd. Tá breis eolais ar na ceantair Ghaeltachta ar fáil i gCaibidil a hOcht.

Faoin dTuath

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- | | | |
|----------------|------------|---|
| KCDP 63 | 10- | Deiseanna fiontair agus fostaíochta sa turasóireacht tuaithe a chruthú más féidir a léiriú nach mbeidh aon drochthionchar ag an bhforbairt úd ar thimpeallacht na tuaithe. |
| KCDP 64 | 10- | Tacú le tionscadail talmhaíochta-turasóireachta, mar shampla trí ábhair a bhaineann le feirmeoireacht mar shláinte agus leas, sráidbhailte ceardaíochta, bia orgánach, gníomhaíochtaí a bhaineann le bia, raonta oidhreacht agus nádúir, fáilrúid ar chapailíní agus bádóireacht. |
| KCDP 65 | 10- | <i>Astro</i> -thurasóireacht talmhaíochta a spreagadh ar fhorbairtí den scála cuí laistigh de nó gar d'aonaid fheirmeoireachta, mar shampla sciobóil nó botháin athchóirithe nó struchtúir eile oiriúnacha. Rogha eile is ea cóiríocht champála ar scála oiriúnach, athchóiriú ar sciobóil, botháin nó struchtúir eile do chúrsaí gnó mar <i>Astro</i> -thurasóireacht talmhaíochta / gnó tuaithe nó tithe saoire sa ghearrthéarma faoi réir na gcoinníollacha normálta pleanála. |

10.4.4.1 Fóillíocht sa bhForaois

Cé gurb é ról na foraoiseachta go príomha ná acmhainn inathnuachana nadúrtha a sholáthar féadfaidh ról tánaisteach a bheith leis ann is an fhoraoiseacht mar áis don phobal áitiúil agus / nó cuairteoirí sa cheantar. Uaireanta is maith le daoine scíth a ligean go ciúin nó spórt áirithe a chleachtadh nó bheith sa bhforaois ar son aclaíochta, sláinte agus compord. Bíonn deis leis ann do mhórán fiontair a chruthódh ioncam isteach. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil leas le baint as turasóireacht is caitheamh aimsire sna ceantair mar a bhfuil foraoisí agus tacófar le bainistiú imharthana dá leithéid.



Fóillíocht sa bhForaois

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 66	10-	Forbairt inmharthana páirceanna foraoise agus áiseanna nó fóillíocht eile turasóireachta a spreagadh ar láithreacha oiriúnacha laistigh de cheantair fhoraoise
---------	-----	--

10.4.5 Turasóireacht Ghnó, Oideachais agus Comhdhálacha

Tá an-éileamh anois ar Chiarraí mar láthair chun fáiltiú roimh comhdhálacha agus imeachtaí eile idirnáisiúnta. Leanfaidh an Chomhairle de shaothru le hóstáin ar fud an chontae ag a bhfuil áiseanna comhdhála lena chinntiú go mbaintear an leas is mó agus is féidir as an deis seo. Cuireann turasóireacht gnó go mór leis an séasúr a leathnú agus cruthaítear deiseanna ar fhostaíocht inmharthana ar feadh na bliana.

Tá sé mar pholasáí ag an gComhairle turasóireacht a chur chun cinn mar phríomh spreagadh do gheilleagar an chontae, go háirithe trín gcontae a bheith tarraingteach do chuariteoirí, oideachas idirnáisiúnta, turasóireacht gnó agus comhdhálacha.

Turasóireacht Ghnó

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 67	10-	Saothrú le páirtithe lárnacha leasmhara, lucht gnó agus an Biúró Comhdhála Chiarraí chun tacú le fás Chiarraí mar cheann scríbe don ghnó turasóireachta agus comhdhála trín luach iomaíoch atá i gCiarraí a chuirfeadh síneadh leis an séasúr turasóireachta.
KCDP 68	10-	Tacaíocht agus éascú don turasóireacht oideachais a fhorbairt is a chur chun cinn i gCiarraí m.sh., scoileanna teanga, taithí Gaeltachta, comhdhálacha acadúla agus staidéar ar chomhshaoil.

10.4.6 Turasóireacht Nideog agus Nuála

Tá an turasóireacht nideog in ann forbairt ar láithreacha ar fud an Chontae agus dá réir sin is féidir cur le forbairt inmharthana eacnamaíoch do láithreacha imeallacha agus tuaithe. Clúdaíonn sé seo tionscadail turasóireachta a chuimsíonn, ach gan a bheith teoranta do, *eco*, *astro* agus scannánaíocht.

Tá cúrsaí *eco* an-oiriúnach don bhforbairt turasóireachta in áiteanna mar a mbíonn láithreacha tírdhreach iargúlta a dhíríonn ar chaomhnú nádúir, bith-thurasóireacht agus tionchar comhshaoil a laghdú.

Tá tionscal na scannánaíochta an-thábhachtach freisin idir áitiúil is náisiúnta agus gintear buntáistí dearfacha ó thaobh seirbhísí tacaíochta agus turasóireachta de, gan trácht ar cháil idirnáisiúnta a bheith ar cheantar. Tá mianach dearfach suntasach i leathnú tionscal na scannánaíochta agus é ag dul i bhfeidhm go mór ar fhostaíocht agus fás eacnamaíoch sa Chontae.

Smaoineoidh an Chomhairle ar mholtaí forbartha do na chúrsaí uathúla úd faoi réir iomlánaíocht oidhrecht nádúrtha agus ailtireachta an Chontae a chosaint.

Nideoga agus nósna nua

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 69	10-	Forbairt inmharthana an earnáil turasóireachta a éascú agus tacú leis chun nasc uathúil a sholáthar idir deiseanna turasóireachta nideoige agus láithreacha breátha sa toadhcháil i
---------	-----	---



gContae Chiarraí.

- KCDP 10-70** Tacú le tionscadail *astro*-thurasóireacht, san áireamh tá síneadh don Tearmann Spéir Dhorcha Chiarraí, maraon le spreagadh a thabhairt don leas eacnamaíoch a bhaineann leis an Ainmniú mar Thearmann Spéir Dhorcha Sraith Órga dár bpobail áitiúla agus don Chontae.
- KCDP 10-71** Fás an tionscail scannánaíochta i gCiarraí a chur chun cinn agus tacú leis trín leas is mó agus is féidir a bhaint as deiseanna turasóireachta ar an scáileán agus bonneagar a bhaineann leis an dtionscal scannánaíochta, san áireamh beidh lorg scannán / slite, comharthaíocht agus áiseanna do chuariteoirí a d'fhéadfadh íomhá dearfach a chruthú agus cur le tuilleadh gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht.